

# Tosaíochtaí Corparáideacha na gCoimisinéirí Ioncaim do 2018

Tá an doiciméad seo mar thaca do Ráiteas Straitéise na gCoimisinéirí Ioncaim do 2017–2019 agus leagtar amach ann na hEochairtosaíochtaí Corparáideacha do 2018. Aistreofar na tosaíochtaí seo isteach ina spriocanna inghnóthaithe do Phleananna Gnó na Rannóg agus beidh siad ar léiriú iontu.

## Réamhrá

Is léiriú é Tosaíochtaí Corparáideacha na gCoimisinéirí Ioncaim do 2018 ar riachtanais straitéiseacha ardleibhéil na heagraíochta agus tá sé i gceist go mbeidh siad mar bhonn eolas do agus go stiúrfaidh siad forbairt pleananna gnó cuimsitheacha ag leibhéal Rannóige. Mar thaca do na tosaíochtaí seo, tá mionphleananna tionscadail ina leagtar amach na freagrachtaí ceannais agus na hamlínte tábhachtacha le linn na bliana.

Leanfaimid le hobair a mbeidh sé de thoradh air go ndéanfar ailíniú níos fearr ar ár struchtúr, acmhainní agus riosca.

Leis an Nua-Aoisiú ÍMAT, déanfar athrú ó bhonn ar riar agus ar bhainistiú ÍMAT – d’fhostóirí, fostaithe agus na Coimisinéirí Ioncaim.

I gcomhthéacs na bhforbairtí cánach idirnáisiúnta agus na Breatimeachta, tá méadú ag teacht ar thábhacht ár ról agus ár n-ionchur ag leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta ó thaobh forbairt an chreata pholasaí do riar cánach agus custam.

Tá sé ríthábhachtach dúinn go soláthrófaí tacaíocht ardchaighdeáin agus éifeachtach do ghnóthais agus do cháiniocóirí le go mbeidh siad comhlíontach go saorálach.

Is dúshlán lárnach é dul i ngleic leis an neamhchomhlíontacht ar bhealach atá éifeachtach agus athraíonn iompar. Is tosaíocht é pionós a ghearradh trí ionchúiseamh coiriúil as ucht dian-imghabháil cánach.

Chun an úsáid is fearr is féidir a bhaint as ár n-acmhainní agus chun laghdú a dhéanamh ar theagmháil neamhriachtanach lenár gcustaiméirí comhlíontacha, tá sé riachtanach go mbainimid úsáid as an bhfaisnéis atá ar fáil dúinn chun idirghabhálacha comhlíontachta a aithint agus a chur in ord tosaíochta.

Tá ár mbaill foirne ríthábhachtach d’fhonn na príomhthosaíochtaí seo a sheachadadh agus táimid tiomanta d’fhórsa saothair a bheith againn atá ar an eolas faoi agus a thuigeann ár dtosaíochtaí. Is uirlis lárnach sa chaoi a n-oibrímid é Cairt Rannpháirtíochta Fostaithe na gCoimisinéirí Ioncaim a seoladh in 2017.

**Niall Cody**  
Cathaoirleach

**Gerry Harrahill**  
Coimisinéir

**Michael Gladney**  
Coimisinéir

Tosaíochtaí Corparáideacha 2018	Gníomhartha
<p><b>Bailiú Cánacha agus Dleachta agus Rialuithe Custam</b> Cánacha agus dleacht a bhailiú agus rialuithe custam a riar</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Bailiú cánacha agus dleachtanna, íoc agus tuairisciú tráthúil comhlíontach, agus feabhsuithe dírithe i rátaí comhlíontachta a chinntiú.</li> </ul>
<p><b>Nua-Aoisíú ÍMAT</b> Nua-Aoisíú ÍMAT a Fheidhmiú</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Fóraithe reatha ardbhainistíochta a threisiú chun comhordú a dhéanamh ar shlógadh oibríochtúil laethúil agus ar chaidreamh inmheánach agus seachtrach araon.</li> <li>Athruithe ar Rialú Cánach Ioncaim agus Muirir Shóisialaigh Uilíoch a dhréachtú.</li> <li>Infreastruchtúr agus athruithe córais Teicneolaíochta Faisnéise &amp; Cumarsáide a sheachadadh.</li> <li>Tacaíocht Idirphlé Pobail a sholáthar d'Fhorbróirí Bogearraí Párolla agus d'fhostóirí.</li> <li>Clár tacaíochta seirbhíse cuimsitheach agus éifeachtach a réachtáil d'fhostóirí, fostaithe, gníomhairí, an tionscal párolla agus baill foirne na gCoimisinéirí Ioncaim d'fhonn an feidhmiú agus an t-aistriú Nua-Aoisithe ÍMAT a dhéanamh go socair.</li> </ul>
<p><b>Creat Polasaí Idirnáisiúnta</b> Ionchur d'fhorbairt agus d'fheidhmiú tionscnamh AE, OECD, agus tionscnaimh ghaolmhara i réimsí na gcánacha díreacha agus indíreacha</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Tacú leis an Roinn Airgeadais san ionchur agus forbairt ar an gcreat foriomlán polasaí idirnáisiúnta cánach agus dleachta san AE agus san Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD).</li> <li>Bainistiú agus feidhmiú an pholasaí agus an chur chuige oibríochtúil chomhaontaithe le haghaidh na Breatimeachta.</li> </ul>
<p><b>Creat Polasaí Intíre</b> Cur le forbairt agus feidhmiú tionscnamh náisiúnta polasaí</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Tacú leis an Roinn Airgeadais sa mheastóireacht agus forbairt ar an gcreat foriomlán polasaí cánach agus dleachta, lena n-áirítear na hathruithe beartaithe ar an gCáin Maoine Áitiúil (CMÁ).</li> <li>Tacú leis an Roinn Airgeadais san athbhreithniú ar Thuairisc Coffey ar an gCáin Chorporáide agus i bhfeidhmiú an Phlean Ghnímh um Chreimeadh an Bhoinn agus Aistriú Brabús (BEPS).</li> <li>An córas cánach ar shiúcra a fheidhmiú.</li> </ul>
<p><b>Comhlíontacht Shaorálach a Chumasú</b> Díriú ar an gcaidreamh le custaiméirí le haghaidh comhlíontacht ard saorálach</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Cáiníocóirí agus gníomhairí a choinneáil ar an eolas ar bhealach tráthúil maidir leis na hathruithe ar an reachtaíocht agus ar nósanna imeachta.</li> <li>Straitéis shoiléir TF agus gnó a sheachadadh chun riachtanais Chód Custaim an Aontais a chomhlíonadh.</li> <li>An Straitéis um Chaidreamh le Custaiméirí 2018–2020 a fheidhmiú chun barr feabhais a chur ar ár dtacaíocht don chomhlíontacht shaorálach agus do chaidreamh digiteach.</li> </ul>
<p><b>Dul i ngleic le Neamhchomhlíontacht</b> Éifeachtacht ár gcur chuige i leith bainistiú comhlíontachta agus idirghabhálacha a fheabhsú</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Cinntiú gurb éard is toradh do fhreagra na gCoimisinéirí Ioncaim ar iompar cáiníocóirí ná idirghabhálacha seasmhacha, cuí agus comhréireacha.</li> <li>Idirghabhálacha cásanna a mhéadú trí thagairt d'inghabháil agus seachaint shuntasach cánach agus dleachta.</li> <li>Úsáid bhreise, d'fhonn díriú ar neamhchomhlíontacht, (trí mheaitseáil sonraí, meastóireacht agus measúnú riosca) a bhaint as faisnéis 3ú Páirtí agus sonraí cuntais airgeadais a mhalartaítear go huathoibríoch.</li> </ul>
<p><b>Struchtúr na gCoimisinéirí Ioncaim</b> Beachtú a dhéanamh ar struchtúr na gCoimisinéirí Ioncaim d'fhonn meaitseáil níos fearr a bhaint amach ó thaobh saineolais, acmhainní agus riosca</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Leanúint le hathbhreithniú a dhéanamh ar ár struchtúr le cinntiú go bhfuil sé ailínithe go hiomlán lenár straitéis agus go ndéantar ailíniú ar acmhainní le riosca ar fud na sciartha éagsúla dár mbonn cásanna.</li> <li>Tabhairt faoi thionscnaimh chumarsáide agus deiseanna rannpháirtíochta a sholáthar chun barr feabhais a chur ar chaidreamh, tuiscint agus rannpháirtíocht fostaithe.</li> </ul>

**Inniúlacht Eagraíochtúil**

Leanfaimid orainn ag déanamh forbartha ar inniúlacht, nuálaíocht a chur chun cinn agus barr feabhais a chur ar úsáid acmhainní

- Baill foirne oilte a earcú agus arduithe céime a thabhairt dóibh de réir chroí-luachanna na gCoimisinéirí Ioncaim agus na Státseirbhíse.
- Clár intéirneachta sna Coimisinéirí Ioncaim a fhorbairt.
- An Plean Gnímh um Rannpháirtíocht Fostaithe a fheidhmiú
- Córas nua bainistithe comhad a thabhairt isteach ar fud na gCoimisinéirí Ioncaim (agus a struchtúr le socrú ag ár dtacsanomaíocht nua fiontair).
- Ról gníomhach a ghlacadh san Athchóiriú ar an Státseirbhís agus ar an Earnáil Phoiblí agus leanúint le hardchaighdeán rialachais agus cuntasachta a choinneáil.